Dialann Chaoimhe

MUIREANN NÍ BHROLCHÁIN

Gníomhaíochtaí Ranga

Carachtair an scéil

Aoife	Aisling	Tomás (Aoife)	Caoimhe - máthair Aoife
Athair Aoife	Máthair Aisling	Deirdre	Tomás na máthar

Caidreamh Aoife lena máthair

Is léir go bhfuil, agus go mbíonn teannas idir Aoife agus a máthair.

Cad is cúis leis an teannas sin?

Cad é tuairim mháthair Aoife mar gheall ar mhíshástach Aoife?

Cén réiteach a bhíonn ag Aoife ar an teannas?

Conas a phléann Aoife lena máthair?

Conas a phléann máthair Aoife lena hiníon?

Caidreamh le tuismitheoirí

- I ngrúpaí de bheirt, pléigí na ceisteanna seo a leanas:
  - Conas atá an caidreamh idir tusa agus do mháthair/athair?
  - Cad iad na rudaí a dhéanann sí/sé a chuireann isteach ort?
  - Cad iad na rudaí a dtugann sí/sé amach duit astu?
  - Cé na hiarrachtaí a dhéanann tú an tsíocháin a choinneáil eadraibh?
  - Cé na hiarrachtaí a dhéanann sí/sé an tsíocháin a choinneáil eadraibh?

An Dialann

An gcoinníonn tú dialann? Mura gcoinníonn, samhlaigh go ndéanann agus freagair na ceisteanna bunaithe ar do shamhlaíocht.

Cad a scríobhann tú ann?

An gcuirfeadh sé isteach ort dá léifeadh do mham/do dhaid í?

Ar mhaith leat dialann do thuismitheoirí, ón am a bhí siad sna déaga, a léamh?

An dóigh leat go dtabharfaidís cead duit a leithéid a dhéanamh?

Cén fáth a mbíonn dialann rúnda?

Samhlaigh mar a mhothófá dá léifeadh duine eile do chuid smaointe. Pléigh le do pháirtí ranga na mothúcháin a bheadh agat agus an chúis a bheadh leo.

Teaghlagh Aisling

I mbeirteanna, pléigí teaghlach Aisling.

Déan cur síos ar a máthair agus ar a hathair.

An bhfuil deartháireacha nó deirfiúracha aici?

An bhfuil deartháireacha nó deirfiúracha ag Aoife?

An Dialann agus Aoife

- Téann tuismitheoirí Aoife amach. Déan cur síos ar conas a mhothaíonn Aoife nuair a shocraíonn sí dialann a máthar a léamh gan chead.
- Déan cur síos ar na tréithe fisiciúla a bhuaileann í agus an dialann á lorg aici.
- Cén uair a mhothaíonn tú féin mar sin?
- Cad is cúis leis na mothúcháin sin?

Aoife

- Agus an dialann á léamh ag Aoife, ritheann sé léi gur comhtharlúint iontach é go bhfuil a mam tógtha le stócach darbh ainm Tomás. Smaoiníonn sí go mbeadh sé go hiontach a Tomás féin a phlé lena mam. Go tobann, stadann sí agus tuigeann sí go mbeadh a leithéid de chomhrá dodhéanta.
- Cén fáth a mothaíonn Aoife go mbeadh a leithéid de chomhrá lena mam dodhéanta?
- Cad a chuirfeadh stop léi, dar leat?
- An mothaíonn tusa mar sin faoi do mham?

Toircheas

- Tuigeann Caoimhe, máthair Aoife, go bhfuil gach seans ann go bhfuil sí ag súil le páiste. Deir sí nach féidir léi díriú ar aon rud leis an mbuaireamh atá uirthi. Is minic go mbímid mar sin nuair atá brú ollmhór orainn.
- Smaoinigh ar uair a bhí tú faoi bhrú mór. Conas a mhothaigh tú?
- Cé na siomptóim fhisiciúla a tháinig ort?
- An raibh deacrachtaí agat díriú ar an ngnáthshaol?
- Ar labhair tú le duine eile faoi? Ar chuidigh sé sin leat?
- Cén rud is mó a thug faoiseamh duit ón mbrú?

Dochtúir

- Scríobh alt ag cur síos ar chuairt Chaoimhe ar an dochtúir.

Náire

An mhaidin dár gcionn nuair a mhúsclaíonn Aoife, buaileann cuimhní ón oíche roimhe í agus líontar le náire í gur léigh sí dialann phearsanta a mam.

Cé na mothúcháin eile a bhualann í agus í ag smaoineamh ar an deirfiúr atá aici, áit éigin amuigh ansin?

Cén t-athrú a thagann ar dhearcadh agus ar mhothúcháin Aoife i leith a beirt tuismitheoirí anois?

Tacaíocht ó Aisling

Déan cur síos ar Aisling, ar a pearsantacht agus ar an gcuma atá uirthi.

Cén t-athrú a tháinig uirthi i ndiaidh dá hathair an teaghlagh a fhágáil?

Cén tacaíocht a thugann sí d'Aoife?

Ar mhaith leat dlúthchara mar í a bheith agat?

Obair bheirte: pléigí na nithe is gá do chara a dhéanamh chun go dtabharfá dlúthchara air nó uirthi.

Íoróin

Coinníonn máthair Aoife smacht dian ar Aoife – ag diúltú cead amach di lena cairde, chuig dioscó agus a leithéidí.

Tá eagla taobh thiar den smacht sin ag Caoimhe. Tá eagla uirthi go dtarlóidh an rud céanna d'Aoife is a tharla di féin agus í óg.

Tá náire uirthi mar gheall ar an rud a rinne sí agus í sna déaga.

Síleann Aoife go mba chóir go mbeadh náire ar a máthair. Síleann sí go bhfuil sé náireach go n-éireodh a máthair torrach ag sé bliana déag. Ní dhéanfadh sí féin a leithéid riamh, dar léi.

Tá iompar Aoife an-chosúil le hiompar máthar – tá sí ar buile léi, tá sí náirithe, tá fearg uirthi, níl sí ag iarraidh labhairt lé.

Tomás

Déan cur síos ar an méid a tharlaíonn ag Bóthar na Trá.

Cén fhreagairt atá ag Aoife ar chuireadh Thomáis?

Cad a déarfaidh a máthair, dar leat?

Cad a dhéanfá féin, mura mbeadh cead agat dul amach, ach dá mbeadh buachaill, ar chuir tú suim mhór ann, tar éis cuireadh a thabhairt duit dul?

Cad a dhéanfaidh tuismitheoirí Aoife, dar leat?

Fearg

Pléascann Aoife le fearg agus í ag caint lena máthair.

Conas a mhothófá dá bpléascfadh duine i do theaghlach leat le fearg agus fuath faoi rud a rinne tú, agus a raibh náire ort faoi?

An bhfuil an ceart ag Aoifenó an bhfuil sí ródhian ar a mam?

Cén duine de na beirt tuismitheoirí a n-éisteann Aoife leis/léi?

Cén ról atá ag athair Aoife sa chaidreamh teaghlaigh, agus sa chaideamh idir Aoife agus a mam ach go háirithe?

Ciall na dtuismitheoirí

- Agus Aoife agus a máthair ag argóint sa seomra suite, socraíonn Aoife ar an teach a fhágáil agus fanacht le hAisling.
- Cén fhreagairt atá ag Caoimhe ar imeacht Aoife?
- Cén fhreagairt atá ag athair Aoife ar a himeacht?
- Cén fhreagairt atá ag Aoife ar an méid a deir/dhéanann an tuismitheoirí?
- Conas a mhothaíonn Aoife agus í ag imeacht?

Máthair Aisling

- Cuireann Aoife aithne níos fearr ar mháthair Aisling agus í ag fanacht sa teach leo.
- Cén rud atá an-éagsúil idir máthair Aoife agus máthair Aisling?
- Cad a deir máthair Aisling nuair a deir Aoife léi go bhfuil sí ag dul chuig dráma?
- An gcuireann sí suim san oíche atá pleanáilte ag Aoife?
- Cad a chuireann díomá ar Aoife?

Ullmhú don choinne

- Cad iad na hullmhúcháin a dhéanann Aoife agus í ag réiteach don choinne?
- Cad a deirtear linn faoin smidiú?
- Cá fhad a ghlacann sé uirthi í féin a ullmhú?
- Conas a thaistealaíonn sí chuig an amharclann?
- Cé leis a mbualann sí ag stad an bhus?
- Conas a mhothaíonn Aoife ar an mbealach?

An Coinne

- Scríobh alt ag cur síos ar imeachtaí na hoíche ó thus go deireadh.
- Cé hí Deirdre? Cad a dhéanann sí chun cabhrú le hAoife?
- Cé hé Éamann? Cad a dhéanann sé chun cur isteach ar Aoife?
- Conas a chríochnaíonn an oíche?
- **An lá dár gcionn**
- Conas a chaitheann Aoife an mhaidin dár gcionn?
- Cad a tharlaíonn nuair a bhuaileann an guthán?
- Cé na mothúcháin a thagann amach ag an bpointe sin?

Deirdre

- Cá dtéann Aoife le Tomás?
- Cad a insíonn sé dá tuismitheoirí?
- Cad a shíleann Tomás de sin?
- Cé hí Deirdre?
- Conas a chríochnaíonn an oíche do theaghlach Aoife?
- Conas a réitíonn Deirdre le hAoife?
- Obair bheirte: Conas a mhothófá dá bhfaighfeá amach go tobann go raibh páiste ag do mham, agus í sé bliana déag?